

PASTIME CHONAMARA

le Máirtín Davy Ó Coisdealbha

Ó bunaíodh *Pastime Chonamara* i 2001 tá méadú mór tagtha ar an méid spéise atá léirithe ag an bpobal in imeachtaí na heagraíochta. Cuireadh tús le ranganna éagsúla i gceardaíocht ó na Forbacha siar go dtí na Minna. Bhí ceardlanna deireadh seachtaine ar siúl in áiteacha éagsúla, ina measc Oileán Chléire, Gaoth Sáile, agus Acaill. I measc na ranganna a cuireadh béim orthu i mbliana, bhí deileadóireacht adhmaid, feistiú ceangail agus ornáidíocht ar fhearais iascaireachta, chomh maith le rang speisialta do dhaoine óga agus fásta ag déanamh macasamhail báid de réir scála.



Breathnaíonn an obair seo atá ag Micheál an-deacair!

Ina theannta sin, d'éirigh thar cionn leis na seisiúin dheireadh seachtaine a heagraíodh in imeachtaí éagsúla - ina measc an deireadh seachtaine i lár mhí na Samhna Tí Phádraicín sna Forbacha, ag ar lánseáladh imeachtaí na bliana amach romhainn. Is le cabhair ó Údarás na Gaeltachta agus ó Choiste Gairmoideachais Co. na Gaillimhe a reachtáiltear na himeachtaí seo. Tá *Pastime Chonamara* anois ar an eagraíocht is mó san áit, ó thaobh imeachtaí agus limistéir de, taobh amuigh do na heagrais spóirt atá sa gceantar.

Noel Dan Ó
Droighneáin ag
múineadh ceird na
hiascaireachta agus
na gcleití dá chuid
daltaí mar chuid de
na himeachtaí a
bhíonn ar siúl faoi
scáth *Pastime
Chonamara*.



Ógras Chois Fharraige

le Marion Davy

Tá Ógras Chois Fharraige ag feidhmiú sa gceantar le os cionn bliana anois. Tagann muid le chéile chuile Dé Luain i Coláiste Lurgan agus chuile Dhéardaoin i Seanscoil Sailearna don aoisghrúpa 12 bhliain go dtí 19 bliain d'aois.

Freisin, i Seanscoil Sailearna, bíonn Óg-Ógras ar siúl don aoisghrúpa 8 mbliana go dtí 12 bhliain. I

Ba mhaith leis an coiste buíochas a ghlacadh le gach duine/eagraíocht a raibh lámh acu sa gcabhair a fuair an eagraíocht, ina measc Sorcha Nic Dhonncha agus Peadar Ó Maoláin ó Údarás na Gaeltachta, Pilib Ó Cribín, agus Seán Mac Lochlainn ó Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Príomhoide agus Coiste Bainistíochta Scoil Náisiúnta Shailearna, Coiste Sheanscoil na Minna, Coiste Halla na bhForbacha, Coiste Choláiste Lurgan, lucht tithe B&B an cheantair agus múinteoirí na heagraíochta.

mbliana chuaigh muid ar dhá thuras lae go dtí Caisleán Biorra agus go Bun Raithe. Ina theannta sin, chaith muid deireadh seachtaine i mBaile Driú, Co. na Mí, agus ceithre lá i dTrá Lí ag Scléip na hÓige ag an Oireachtas. Baineadh antaithneamh as na himeachtaí ar fad. Tá súil againn cur leis na himeachtaí i mbliana agus le cabhair ó *Phastime Chonamara* imeachtaí lámhcuardaíochta a chur ar bun.

Is féidir eolas nó Foirm Iarratais á fháil ach glaoch ar 091593311.